Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13089/22**

**CDR 120**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach arna moladh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhaltaí**
**agus comhalta malartach,**
**arna moladh ag Poblacht na hOstaire,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na hOstaire,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 17 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/235[1], lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún. An 21 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1000[2], lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Christopher DREXLER éirí as oifig.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Hannes WENINGER mar chomhalta de Choiste na Réigiún.

(5) Mhol rialtas na hOstaire Werner AMON, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Landesrat, Steiermärkische Landesregierung* (Comhalta den Rialtas Cúige, Rialtas Cúige Styria), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

---

1 Cinneadh (AE) 2020/235 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún (IO L 471, 20.2.2020, lch. 7).

2 Cinneadh (AE) 2022/1000 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún (IO L 168, 27.6.2022, lch. 78).

(6) Mhol rialtas na hOstaire Thomas STEINER, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Mitglied des Gemeinderats von Eisenstadt* (Comhalta den Chomhairle Cathrach Eisenstadt), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

– Werner AMON, *Landesrat, Steiermärkische Landesregierung* (Comhalta den Rialtas Cúige, Rialtas Cúige Styria),

agus

(b) mar chomhalta malartach:

– Thomas STEINER, *Mitglied des Gemeinderats von Eisenstadt* (Comhalta den Chomhairle Cathrach Eisenstadt).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*